# Oidhreacht Nádúrtha agus Chultúir 'na Trá', Inis Oírr.

An Dr Amanda Browne 17 Bealtaine 2022

## An Trá, Inis Oírr

Tá Inis Oírr ar an gceann is lú de na hOileáin Árann, agus tá sé suite thart ar 10km amach ó chósta Chontae an Chláir. Tá an Trá, príomhthrá álainn an oileáin, suite i dTuaisceart an oileáin agus tá gaineamh geal mín agus farraigí glana gorma ann. Is díol spéise suntasach é an t-oileán ar fad ó thaobh bithéagsúlachta, seandálaíochta agus cúrsaí cultúir.



*Gaineamh geal agus farraige ghlan ghorm na Trá, Inis Oírr.*

## Geolaíocht agus Tírdhreach Inis Oírr

Is ionann Inis Oírr agus síneadh geolaíochta ar réigiún carstach Carbónmhar Bhoirne. Cothaíonn na hithreacha tanaí saintréitheacha féarach cailcreach atá saibhir ó thaobh speicis agus a bhfuil pábháil aolchloiche tríd. Meascán de ghoirt bheaga atá san oileán, ina dtacaítear le gnáthóga tábhachtacha a chaomhnaítear agus a chothaítear le cleachtais fhairsinge feirmeoireachta an oileáin.




*Is é tógáil eallaí ar dhéine íseal príomhfhiontraíocht an oileáin agus tá sé riachtanach chun bithéagsúlacht fhéaraigh an oileáin, atá saibhir ó thaobh speicis, a choinneáil.*



*Caisleán Uí Bhriain agus Dún Formna leis an meascán de ghoirt mhúrtha atá saintréitheach don oileán mórthimpeall orthu atá le feiceáil ar a fud an oileáin.*

## Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Inis Oírr - Cód Láithreáin 001275

Tá an Trá cóngarach do Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Inis Oírr (SAC) (cód láithreáin. 001275) a chlúdaíonn tuairim is 75% den oileán agus a leagadh amach de bharr gnáthóga tábhachtacha atá le fáil ar an oileán amhail Murlaigh Cósta (1150), Sceireacha (1170), Fraochmhánna Tirime (4030), Féaraigh Chailcreacha ina bhfuil Flúirse Magairlíní (6210), Móinéir Féir Ísealtalún (6510) agus Pábháil Aolchloiche (8240). Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le SAC Inis Oírr a fháil ar www.NPWS.ie




*Teorainn SAC Inis Oírr aibhsithe i ndath liath (www.heritagemaps.ie.)*

## Gnáthóga Duimhche ar an Trá

Tá sé dochreidte ar fad chomh saibhir ó thaobh speicis de atá fásra na nOileán Árann go léir agus tá beagnach leath d'fhlóra uile na hÉireann ar fáil orthu. Ar an gcaoi chéanna, tá an Trá chomh ilchineálach agus saibhir céanna maidir le bithéagsúlacht an fhlóra cósta laistigh de ghnáthóga duimhche de dhumhcha aistreacha agus fásra dumhcha socra. Muiríneach an gné is suntasaí de na dumhcha aistreacha agus bíonn siad ina ndumhcha ísle feadh na trá. Ar thaobh na talún de na dumhcha aistreacha, bíonn fásra dumhcha socra ann, áit nach bhfuil muiríneach ann den chuid is mó, fásra ina bhfuil meascán de speicis féir, cíbe agus luibhe.

Tá gnáthóga duimhche na Trá dinimiciúil agus bíonn siad ag síorathrú de bharr gaineamh á shéideadh isteach mar aon le gaineamh á bhaint le linn stoirmeacha. Tagann stoirmeacha agus taoidí arda chomh fada leis na dumhcha go rialta agus i gcásanna diana déanann siad bearnaí sna dumhcha. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí gnáthóga duimhche a chothabháil agus a chaomhnú d'fhonn an cósta a chosaint i gcás drochstoirmeacha. Déantar damáiste go héasca do na gnáthóga duimhche le cruthú rianta lena gcruthaítear limistéir gainimh loim tríd na dumhcha atá soghabhálach i leith creimeadh ón ngaoth.

Ar na speicis choitianta de phlandaí laistigh d'fhéarach duimhche socra tá crobh éin, rú Muire agus méara Muire agus bíonn an dath buí le feiceáil laistigh d'fhéarthailte na ndumhcha le linn an tsamhraidh mar gheall ar na speicis seo a bhfuil bláthanna buí orthu.



*Dumhcha ísle muiríní atá i ngnáthóga na ndumhcha ar an Trá, a bhfuil féarach duimhche socra thart orthu ar thaobh na talún.*



*Bíonn dath buí ar na dumhcha socra le linn an tsamhraidh, tráth a mbíonn crobh éin agus méara Muire faoi bhláth.*

Cothaíonn an féarach duimhche socra go leor speiceas de mhagairlíní le linn an tsamhraidh amhail magairlín na mbeach agus magairlín na stuaice agus an magairlín deireanach an tsamhraidh, cúilín Muire an tsamhraidh.





*Is féidir magairlín na mbeach a fheiceáil i mí Meithimh, magairlín na stuaice i mí Iúil agus cúilín Muire an tsamhraidh i mí Lúnasa*

Mar aon le flóra iléagasúil sin na n-oileán, tá féileacáin agus leamhain a bhíonn ag eitilt sa lá fairsing chomh maith. Is féidir féileacáin amhail an gormán beag, a bheathaíonn é féin ar mhéara Muire, agus an gormán coiteann a chothaíonn é féin ar chrobh éin, a fheiceáil sna féarthailte cois cósta ag tús an tsamhraidh agus ag deireadh an tsamhraidh.



*An gormán coiteann a mbeathaíonn a bholb ar chrobh éin*

Is féidir leamhain shuaithinseacha dhubha agus dhearga a bhíonn ag eitilt sa lá amhail an leamhan flanndearg agus an buirnéad sébhallach agus a mboilb atá chomh suaithinseach céanna a fheiceáil i measc an fhásra cósta.



*tilt sa lá*



*An buirnéad sébhallach*

Is baile é na gnáthóga cósta ar fud an oileáin do roinnt speiceas tábhachtach éin amhail an cág cosdearg, ar éan d'fhine an phréacháin é a dhéanann nead ar aillte cósta. Neadaíonn speicis de gheabhróga anseo freisin ó am go chéile, amhail an gheabhróg Artach, an gheabhróg bheag agus an gheabhróg scothdhubh. Caitheann an gheabhróg Artach an geimhreadh san Afraic Theas agus chomh fada ó dheas le hAntartaice agus is cuairteoir anseo é le linn an tsamhraidh ó Márta go Meán Fómhair. Tagann geabhróga beaga anseo ó am go ham, idir mí Aibreáin agus deireadh mhí Lúnasa agus déanann lear mór acu nead ar an talamh le chéile ar thránna scaineagáin, rud a fhágann go mbíonn siad leochaileach go leor do dhrochaimsir agus do shuaitheadh ar bith. Tagann geabhróga scothdhubha ar cuairt ó mhí Márta go mí Mheán Fómhair agus caitheann siad an geimhreadh i ndeisceart na hEorpa agus san Afraic. Feictear speicis éanlaithe talaimh feirme, amhail an fhuiseog, an clochrán agus an caislín cloch go rialta sna goirt chósta agus ar fud an oileáin.

Is féidir éanlaith mhara amhail an gainéad, an lóma mór, an fhoracha choiteann, an fhoracha dhubh, an crosán agus an puifín a fheiceáil ar farraige ó chósta an oileáin.

Níl an éagsúlacht chéanna i gceist le fána mamaigh na n-oileán ná mar atá i gcás plandaí, feithidí ná éan na n-oileán; mar sin féin, tá coilíneacht rónta glasa ar an oileán ar féidir iad a fheiceáil ag sú na gréine nuair a bhíonn lag trá ann ar chósta thiar an oileáin.

D'fhéadfaí dobharchú ar deacair teacht air a fheiceáil corruair freisin agus é ag sealgaireacht i measc na lochán carraige feadh chósta an oileáin nuair a bhíonn an taoide íseal.

## Oidhreacht Chultúir an Oileáin gar don Trá

### Cnoc Raithní

Is reilig ón gCré-umhaois é Cnoc Raithní a bhfuil radharc amach uaidh ar an Trá ar Inis Oírr. Tá roinnt leapacha cloiche sa dumha Ciorclach a bhféadfadh uaigheanna réamh-Chríostaíochta a bheith iontu. D'fhéadfadh sé gur struchtúr casta ilthréimhse é Cnoc Raithní, láithreán réamhstaire ar baineadh

athúsáid as ag tráth níos déanaí (Waddell 1994).

## Teampall Chaomháin

Tógadh Teampall Chaomháin i dtosach ar thulán íseal réidh agus tá sé á chlúdach ag gaineamh séidte le blianta anuas sa chaoi is go bhfuil an chuma air anois gur faoi ghaineamh atá sé. Tá roinnt uaigheanna mórthimpeall an teampaill, agus tá leaba nó uaigh an naoimh ar cheann acu, atá marcáilte le leac breá crosghreanta a dtugann foirgneamh beag cosaint di anois (Waddell 1994). Is é Naomh Caomhán naomhphátrún Inis Oírr agus titeann lá a fhéile ar an 14 Meitheamh.



*Teampall Chaomháin*

Ar na láithreáin oidhreachta cultúir eile ar an oileán, tá: Caisleán Uí Bhriain agus Dún Formna, Tobar Éinne agus Cill Gobnait. Is féidir tuilleadh eolais ar láithreáin seandálaíochta uile Inis Oírr a fháil ar [www.heritagemaps.ie](http://www.heritagemaps.ie) .



*Caisleán Uí Bhriain a tógadh laistigh de Dhún Formna ar an gcuid is airde den oileán*



*Cill Gobnait*

## Tagairtí

Waddell, J.( 1994). The archaeology of Aran, In: The Book of Aran. The Aran Islands, Co. Galway. J. Waddell, J.W.O'Connell, A.Korff (Eagarthóirí). Tír Eolas.